Áilteoir ag gleacaíocht

AIRGEAD

FEARAS	Cárta tanaí (calóga arbhar) peann luaidhe, siosúr, pinn luaidhe daite nó criáin, téip ghreamaitheach Dhá bhonn airgid den luach céanna nó Marla nó cúpla pionna éadaigh
ULLMHÚCHÁN	Bíodh cúpla formaid den áilteoir déanta (ceann idir gach cúigear chun rudaí a bhrostú). Do pháistí óga bíodh ceann an duine réidh. Is féidir formad níos simplí a úsáid.
CÚLRA	Tá pointe ag gach rud ar a ghlaoitear an meáchanlár. Má chuireann tú taca faoin meáchanlár fanfaidh an rud i gcothromaíocht gan titim. Dá chóngaraí atá an meáchanlár seo don talamh is sea is deacra atá sé don rud sin titim. Seo é an fáth gur cheart an t-urlár íochtair i mbus dhá urlár a líonadh i dtosach. Ansin beidh an bus níos troime ag an mbun agus é níos deacra í a leagan.
SCILEANNA	Ag imscrúdú agus ag tástáil
GNÍOMHAÍOCHT	Ag baint úsáide as an bhformad, déan iarracht an t-áilteoir a chothromú ar a shrón – deacair é seo a dhéanamh. Anois athraigh an áit a bhfuil an meáchanlár trí bhoinn airgid nó marla a chur ar an áilteoir. Anois is féidir leis “seasamh” ar a shrón!
SÁBHÁILTEACHT	**Aire leis na siosúir.**
LEATHNÚ	Dear agus déan d’fhigiúr féin.

Áilteoir ag gleacaíocht ar lean

Bain úsáid as an bhformad thíos chun áilteoir a dhéanamh agus gearr amach é.

Bain úsáid as pinn luaidhe daite nó criáin chun an t-áilteoir a dhathú

Déan iarracht é a chur i gcothromaíocht ar a shrón, ar imeall gloine, nó ar do mhéar.

Greamaigh dhá bhonn airgid nó dhá phíosa marla ar chóimhéid ar chúl gach láimhe.

Anois ba chóir go mbeadh ar do chumas an t-áilteoir a chur i gcothromaíocht cibé áit is mian leat.



Bain úsáid as an teimpléad seo chun d'áilteoir féin a dhéanamh.